Ré an tSolais

music and words by Mairéad Ní Mhaonaigh

A ghile na gile las solas mo chroí,
‘Mo threorú go buan i nduibheagáin na h-óich’
Tá’n bealach seo corrach ach ní ghlacfaidh mé scíth
Go scroichfear ceann scríbe faoi sholas gealaí.

Faoi sholas gealaí, faoi sholas gealaí
Go scroichfear ceann scríbe faoi sholas gealaí.

Tá’n oíche seo dorcha ach is feasach an tslí
’S an t-seisreach ag loinnriú i measc na réaltaí
Ach ar imeall na spéire idir dheirg dhá néal
Ó sprêigheann gath gréine thar dhromchla an tsaoil.

Thar dhromchla an tsaoil, thar dhromchla an tsaoil
Ó sprêigheann gath gréine thar dhromchla an tsaoil.

Mar ón dubh tagann bán sin mar atá
Amhráin ársa ár sinsear, macalla na gcianta
Muna ngoilltear an duairc ní thuigtear an t-suairc
Agus guím rê an tsolais ar do chroí ’s do mhianta

Ar do chroí ’s do mhianta, ar do chroí ’s do mhianta
Agus guím rê an tsolais ar do chroí ’s do mhianta

Coinnigh an dóchas i ndeireadh an lae
’S cóthaigh do ghrá go dtéimid sa chré
Tóg suas do mheanma ,a chara mo chléibh,
’S guím ré an tsolais ort, ’s saol síochánta séimh.

Saol síochánta séimh, saol síochánta séimh,
‘S guím ré an tsolais ort, ’s saol síochánta séimh.

© Mairéad Ní Mhaonaigh (IMRO)

Time of Light / Mairéad Ní Mhaonaigh

Translated by Gearóid Ó Maonaigh

Bright is the brilliance that glows in my heart
And leads me my path in the gloom of this night
Along this road that is coarse, but I will not rest
Till I meet you tonight, by the light of the moon.

The night is dark but I know my way
Beneath the Plough as it radiates among the stars
Save at the brink of the sky amongst clouds of red
A sunbeam sweeps o'er the face of the Earth.

After dark comes the light the constant way
The distant echoes of our forefathers music
Suffer the pain to enlighten the joy
I bestow this beam to your heart's desires.

In faith and in hope at the end of the day
Our love will endure 'till we return to clay
Raise up your spirits my dearest of friends
And peaceful your heart in the light of this life.